## Cúram Lae/Teach Altranais Chor an Dola
## Teil: 091 791540

**Cor an Dola, Contae na Gaillimhe.**

Cuireann siad teach altranais agus cúram lae ar fáil d'aosaigh.

## Cúram Pobail Leacaigh/an Turlaigh Mhóir
## Teil: 091 797093

Cuireann siad seirbhísí, iompar, faoiseamh, imeachtaí sóisialta agus cóisirí ar fáil d'aosaigh.

## DeafHear
## Teil: 091 564871 Téacs: 086 8648659

**9A Sráid San Proinsias, Gaillimh.**
**Ríomhphost: galway@deafhear.ie** **Gréasán: www.deafhear.ie**

Seirbhís tacaíochta do bhaill an phobail bhodhair i nGaillimh.

## Disabled Drivers Association
## Teil: 094 9364054

**Baile an Daighin, Clár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo.**
**Ríomhphost: info@ddai.ie** **Gréasán: www.ddai.ie**

Cuireann an charthanacht seo faisnéis ar fáil ar rogha/oiriúnú feithicle do thiománaithe agus paisinéirí scothaosta; measúnaithe ar an mbóthar agus ón mbóthar agus ceachtanna tiomána; an comhlacht eisiúna do Chead Páirceála an AE do Dhaoine faoi Mhíchumas.

## Domestic Violence Response Ltd. (DVR)
## Teil: 091 866740 / 087 7737957

**The Courtyard, an Phríomhshráid, Uachtar Ard, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: dvr@indigo.ie**

Is tionscadal bunaithe faoin tuath, faoi cheannaireacht an phobail atá in Domestic Violence Response (DVR) mar fhreagra ar fhoréigean tí i gConamara. Is í an aidhm atá ag DVR riachtanais mhná agus leanaí i gceantar tuaithe Chonamara atá ag fulaingt de bharr fhoréigean tí agus mí-úsáide sa bhaile a shainaithint agus a fhreagairt.

## Éirim an Iarthair
## Teil: 091 540900

**Teach na Carraige Duibhe, Bóthar na Trá, Gaillimh.**
**Ríomhphost: enquiries@abilitywest.ie** **Gréasán: www.abilitywest.ie**

Cuireann siad seirbhís phearsanta phobalbhunaithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus foghlama agus dá dteaghlaigh.

## Elm Tree Centre – an Clochán
## Teil: 095 30930

Cuirtear réimse seirbhísí/teiripí ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse Ionad Cúram Lae Meabhairshláinte Elm Tree, lena n-áirítear Scileanna Sóisialta, Ranganna Potaireachta, Teiripe Ealaíne, Gairneoireacht, Litearthacht, Uimhearthacht, Oiliúint Ríomhaireachta, Comhairleoireacht agus Ceardaíocht. Cuidíonn na teiripí seo le húsáideoirí seirbhíse a scileanna a fhorbairt agus a gcumas a uasmhéadú.

## Foras Ospíse na Gaillimhe
## Teil: 091 770868

**An Rinn Mhór, Gaillimh.**
**Ríomhphost: info@galwayhospice.ie** **Gréasán: www.galwayhospice.ie**

Is eagraíocht dheonach atá i bhForas Ospíse na Gaillimhe a chuireann réimse cuimsitheach seirbhísí cúraim maolaitheacha ar fáil d'othair a bhfuil galair ghníomhacha agus fhorásacha orthu nach féidir a leigheas.

## Foras Ospíse na hÉireann
## Teil: 01 6793188

**Morrison Chambers (4ú urlár), 32 Sráid Nassau, Baile Átha Cliath 2.**
**Ríomhphost: info@hospice-foundation.ie**
Tá an seoladh ríomhphoist seo á chosaint ó thurscar, caithfidh tú Java bheith ar siúl agat chun é a fheiceáil. **Gréasán: www.hospice-foundation.ie**

Cuireann Foras Ospíse na hÉireann réimse cuimsitheach seirbhísí cúraim maolaitheacha ar fáil d'othair a bhfuil galair ghníomhacha agus fhorásacha orthu nach féidir a leigheas.

## Forbairt Tuaithe na Gaillimhe Teo.
## Teil: 091 844335

**Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: grd@grd.ie** **Gréasán: www.grd.ie**

**Clár Forbartha Pobail Áitiúil**
Cuireann Galway Rural Development (GRD) daoine agus grúpaí chun tosaigh sna pobail tuaithe is mó faoi mhíbhuntáiste, díríonn siad orthu siúd is faide ó rochtain ar oideachas, oiliúint agus fostaíocht, agus iad siúd is mó atá i mbaol ag eisiamh sóisialta. Tacaíonn GRD le daoine aonair, grúpaí agus pobail trí chur chuige forbartha pobail trí thacaíocht airgeadais agus forbartha a chur ar fáil.

**Seirbhís Idirghabhála GRD**
Is faisnéis dheonach, treoir agus seirbhís tacaíochta saor in aisce atá i Seirbhís Idirghabhála GRD do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Cuireann an tseirbhís tacaíocht phearsanta ar fáil chun daoine a spreagadh, comhairle agus treoir a thabhairt dóibh le dul ar ais i mbun fostaíochta. Tá an tseirbhís bunaithe i mBaile Locha Riach, Baile Átha an Rí agus Béal Átha na Sluaighe.

**Liúntas um Fhiontar ar ais chuig an Obair**
Riarann an Oifigeach Fiontair in oifig Bhaile Átha an Rí, GRD an Liúntas um Fhiontar ar ais chuig an Obair agus an Liúntas um Fhiontar Gearrthéarmach. Tá an tOifigeach Fiontair freagrach as rannpháirtithe ar an scéim a fhaomhadh agus réimse tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil, cosúil le hoiliúint, comhairle agus meantóireacht dóibh siúd ag a bhfuil gnólachtaí beaga á dtosú.

## Forum Connemara Ltd.
## Teil: 095 41064 / 41116

**Leitir Fraic, Conamara, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: info@forumconnemara.ie** **Gréasán: www.forumconnemara.ie**

Cuireann siad cláir chúram sóisialta ar fáil le dul i ngleic le míbhuntáiste agus leithlisiú i measc daoine scothaosta leochaileacha. Seirbhísí do dhaoine scothaosta, lena n-áirítear béilí ar rothaí, slándáil, sosanna faoisimh, iompar, tacaíocht do chúramóirí, clubanna lóin, maidineacha caife agus an Scéim um Thithe Níos Teo.

## Galway Contact
## Teil: 091 527581

**189 Páirc na Coiribe, Gaillimh.** **Ríomhphost: galwaycontact@eircom.net**

Cuireann siad seirbhís chairdis ar fáil do Dhaoine Scothaosta; tagann oibrí deonach ar cuairt chucu ina dteach nó teach altranais. Eagraíonn siad Club Maidine gach dara hAoine in Árus de Brún. Anuas air sin, déanann siad aláraim shlándála a shuiteáil dóibh siúd atá ina gcónaí leo féin (soilse bratainne/braiteora etc.).

## Galway Lions Club

**c/o Ardilaun House Hotel, Bóthar Ard, Gaillimh.**
**Gréasán: www.galwaylionsclub.ie**

**Tuam Lions Club – Teil: 086 8394836**
**Bóthar Birmingham, Tuaim, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: mikegilmartin@eircom.net**

Déanfaidh an Lions Club iarracht difear a dhéanamh ina bpobal áitiúil mar aon le pobail ar fud an domhain.

## Galway Traveller Movement
## Teil: 091 765390

**1 The Plaza, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.**
**Ríomhphost: info@gtmtrav.ie**

**Galway Traveller Movement – Oirdheisceart,**
**61 an Phríomhshráid, Baile Locha Riach, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 091-880916 (Oifig Bhaile Locha Riach)**
**Ríomhphost: Rebecca@gtmtrav.ie**

Díríonn siad ar shaoil Lucht Siúil na Gaillimhe a fheabhsú trí oibriú i dtreo ceartas sóisialta, dlúthpháirtíochta, forbairt socheacnamaíochta agus chearta an duine.

## Galway Volunteer Centre
## Teil: 091 539930

**17-18 Sráid an Mhuilinn, Gaillimh.**
**Ríomhphost: info@volunteergalway.ie** **Gréasán: www.volunteergalway.ie**

Tacaíonn an t-ionad le heagraíochtaí seachbhrabúsacha le hoibrithe deonacha oiriúnacha a mhaoiniú agus tacaíonn siad le daoine aonair a n-am a thabhairt nuair a chláraíonn siad leis an ionad.

## Glenamaddy Community Care Ltd – Ionad Cúram Lae
## Teil: 094 9659269 / 094 9659059

**Na Creaga, Gleann na Madadh, Contae na Gaillimhe.**

Cuirtear iompar ar fáil chun aosaigh a thabhairt chuig an ionad. Cuirtear dinnéar, sólaistí, béilí ar rothaí, biongó, cóisir Nollag, ceol agus aoíchainteoirí ar fáil. Bíonn altra ag an Ionad Cúram Lae le freastal ar riachtanais aosach.

## Golden Years Club an Chlocháin
## Teil: 095 21159 / 095 41064

Tagann Golden Years le chéile do Mhaidin Chaife gach seachtain in Cluid, Cúirt Sheosaimh agus sa Chlochán gach maidin Céadaoin ón 10am go dtí 12pm. Bíonn siad páirteach in imeachtaí eile i rith na bliana chomh maith i.e. Dinnéir Nollag, Seachtain Ealaíon agus Sosanna Faoisimh.

## Gréasán do Mhná Scothaosta
## Teil: 01 8844536

**Teach na nAosach, All Hallows College, Bóthar Pháirc na nGrás, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.**
**Ríomhphost: info@ownireland.ie** **Gréasán: www.ownireland.ie**

Is líonra náisiúnta atá in OWN a nascann daoine aonair agus grúpaí ban atá 55+ bliain. Cuireann sé faisnéis ar fáil faoi shaincheisteanna do mhná scothaosta agus tugann sé glór dóibh.

**GROW**
**Teil: 1890 474 474 (Líne Eolais)     Teil: 01 840 8236 (Oifig Náisiúnta)**

**Árasán 6, Eachlann na Foraoise, Bóthar na Foraoise, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath.**
**Ríomhphost: info@grow.ie     Gréasán: www.grow.ie**

**GROW, Réigiún an Iarthair, Garvey Way, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo.**
**Teil: 094 9026417**
**Ríomhphost: info@grow.ie     Gréasán: www.grow.ie**

Is Eagraíocht Mheabhairshláinte atá in GROW a chuidíonn le daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu nó a raibh siad acu.

**Grúpa Active Age an Choiléir Bháin**
**Teil: 091 845422**

**Bóthar an Stáisiúin, Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe.**

Gníomhaíochtaí, cúrsaí, seirbhísí agus tacaíocht d'aosaigh.

**Grúpa Aosach Bhaile Uí Chonaíle**
**Teil: 095 41064 / 087 9308520**

Buaileann an grúpa le chéile go seachtainiúil i gcaifé McWilliams ón 9.30am-11.30am, áit a gcuireann Bealach iompar ar fáil, bailítear iad ón doras gach Maidin Aoine chun a bPinsin a bhailiú, a siopadóireacht a dhéanamh agus ar deireadh bíonn caife na maidine agus comhrá acu le chéile.

**Grúpa Aosach Bhéal an Átha Fada, Shraith Salach, Bhun na gCnoc**
**Teil: 086 8460009**

**Sraith Salach, Contae na Gaillimhe.**

Tagann an grúpa seo le chéile uair sa mhí sa Seanscoil Náisiúnta, le haghaidh tae. Téann an grúpa amach le haghaidh lóin, turais lae, sosanna faoisimh agus imeachtaí sheachtain na n-ealaíon chomh maith.

**Grúpa Aosach Chill Ainnín**
**Teil: 091 552060**

Tagann grúpa Chill Ainnín le chéile gach seachtain i Halla Chill Ainnín i gcomhair lón éadrom agus gníomhaíochtaí. Bíonn siad páirteach i ranganna péinteála agus drámaíochta chomh maith.

**Grúpa Aosach Chloch na Rón**
**Teil: 095 35872 / 087 9632751**

**Cloch na Rón, Conamara, Contae na Gaillimhe.**

Tagann an grúpa le chéile i Halla an Bhaile i gCloch na Rón gach cúpla seachtain agus bíonn lón acu in óstáin/i mbialanna áitiúla i rith na bliana agus glacann siad páirt in Imeacht Sheachtain na nEalaíon agus i sosanna faoisimh.

## Grúpa Aosach Uachtar Ard
## Teil: 091 552457

Tagann an grúpa le chéile go seachtainiúil i Halla an Bhaile, le gníomhaíochtaí éagsúla lena n-áirítear ranganna déanta gúnaí agus cniotála.

## Grúpa Seirbhíse Sóisialta Chill Choirín
## Teil: 087 6918070

**Cill Choirín, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.**

Cuireann siad imeachtaí sóisialta, teagmháil agus teacht le chéile ar fáil d'aosaigh.

## Grúpa Seirbhísí Sóisialta d'Aosaigh Bhéal Átha Mó
## Teil: 094 9655107

**Béal Átha Mó, Contae na Gaillimhe.**

Chun deiseanna sóisialta a chur ar fáil do dhaoine scothaosta a chónaíonn sa phobal.

## Grúpa Tacaíochta Teifeach na Gaillimhe
## Teil: 091 779083

**Oifigí dara urláir The Plaza, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.**
**Ríomhphost: refugee.galway@ireland.com** **Gréasán: www.grsg.ie**

Oibríonn an eagraíocht leis na daoine sa phróiseas tearmainn agus leo siúd a bhfuil stádas teifigh acu ar réimse tionscadal agus tionscnamh.

## Grúpaí Aosach an Chloiginn/an Chladaigh Dhuibh
## Teil: 095 44660 / 095 44756

Oibríonn an grúpa chun Cumann Lóin, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus oideachais agus sosanna faoisimh a chur ar fáil d'aosaigh. Cuireann Bealach iompar ar fáil.

## Grúpaí Tacaíochta Cúramóirí

Featured Díríonn Grúpaí Tacaíochta Cúramóirí ar cháilíocht beatha cúramóirí teaghlaigh a chur chun cinn trína ról a shainaithint agus luach bheith acu air, agus trí chúramóirí a chur ar fáil a bhfuil tacaíochtaí mothúchánacha agus praiticiúla acu. Áirítear le gníomhaíochtaí na nGrúpaí Tacaíochta: seisiúin faisnéise, cruinnithe rialta, cúrsaí oiliúna, sosanna faoisimh a eagrú, rochtain a fháil ar fhaisnéis agus í a scaipeadh ar chúramóirí atá ina mball den ghrúpa, agus líonra tacaíochta agus asraon sóisialta a thabhairt do chúramóirí.

***Áirítear cúramóirí a phléann le daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, agus le daoine eile sa 10 nGrúpa Tacaíochta Cúramóirí.***

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Bhaile Átha an Rí**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 087 9159508 (Cúram do Chúramóirí Éireann – Réigiún an Iarthair).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Bhéal Átha na Sluaighe**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 087 9159508 (Cúram do Chúramóirí Éireann – Réigiún an Iarthair).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Bhéal Átha Ghártha/an Droichid Nua**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 090 6624484 (Aonad Acmhainne Teaghlaigh, Béal Átha Ghártha, Contae na Gaillimhe).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Dhún Mór**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 087 9159508 (Cúram do Chúramóirí Éireann – Réigiún an Iarthair).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí na Gaillimhe**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 087 9159508 (Cúram do Chúramóirí Éireann – Réigiún an Iarthair).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Áth Cinn**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 087 9159508 (Cúram do Chúramóirí Éireann – Réigiún an Iarthair).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Bhaile Locha Riach**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 087 9159508 (Cúram do Chúramóirí Éireann – Réigiún an Iarthair).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Iarthuaisceart Chonamara**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 095 41064 nó ar Teil: 087 9633253 (FORUM Connemara Ltd., Leitir Fraic, Conamara, Contae na Gaillimhe).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Dheisceart Chonamara**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 091 551553 nó ar Teil: 087 6871628 (Comhar Chuigéal Teo., Leitir Mealláin, Contae na Gaillimhe).

**Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Thuama**
Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 087 9159508 (Cúram do Chúramóirí Éireann – Réigiún an Iarthair).

***Áirítear sna cúig Ghrúpa Tacaíochta Cúramóirí cúramóirí atá ag tabhairt aire do ghrúpa cúraim ar leith, mar seo a leanas:***

## Cumann Alzheimer na hÉireann – Brainse na Gaillimhe – Grúpa Tacaíochta Cúramóirí

**Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 091 561556**
**Cumann Alzheimer na hÉireann – Brainse na Gaillimhe, Teach Envision, Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh.**

**Ríomhphost: asigalway@eircom.net**

Is í aidhm an ghrúpa seo: rochtain a fháil ar fhaisnéis agus comhairle phraiticiúil i dtimpeallacht fháiltiúil agus thacúil; Líonra tacaíochta agus asraon sóisialta a chur ar fáil do chúramóirí; Coinneáil cothrom le dáta maidir le saincheisteanna a bhaineann le cúramóirí agus na daoine a dtugann siad aire dóibh; Seisiúin Faisnéise a eagrú.

## 'Cope with Friends' – Grúpa Tacaíochta Cúramóirí, Port Omna

**Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 090 9759885 (Altra Speisialtóra Clinice – Teiripe Iompraíochta, FSS an Iarthair, Ospidéal Lae Alor Star, Port Omna, Contae na Gaillimhe).**

Is í aidhm an ghrúpa seo: rochtain a fháil ar fhaisnéis um shaincheisteanna meabhairshláinte agus í a scaipeadh ar chúramóirí; Líonra tacaíochta agus asraon sóisialta a thabhairt do chúramóirí atá ag tabhairt aire do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte ag gabháil dóibh agus atá ag freastal ar sheirbhísí meabhairshláinte; Seisiúin faisnéise agus sosanna faoisimh a eagrú do bhaill; Cúramóirí a éascú le habhcóideacht a dhéanamh leis na daoine gairmiúla ábhartha dóibh siúd a dtugann siad aire; Baic stiogma agus leithcheala a bhriseadh i dtreo daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

## Galway Head Injury Support Limited

**Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 091 768168 nó ar Teil: 085 7255608**
**Galway Head Injury Support Limited, C/o Quest, Páirc Ghnó Liosbáin, Bóthar Thuama, Gaillimh.**
**Ríomhphost: galwayhisg@gmail.com Gréasán: www.galwayheadinjury.com**

Díríonn Galway Head Injury Support Limited ar cháilíocht beatha daoine a bhfuil gortú inchinne gnóthaithe acu agus a dteaghlaigh a fheabhsú. Díríonn siad ar an méid a leanas: tacaíocht neamhairgeadais, faisnéis ábhartha agus comhairleoireacht do theaghlaigh daoine a bhfuil gortú inchinne ag gabháil dóibh a chur ar fáil; Díríonn siad ar riachtanais speisialta na dteaghlach ina bhfuil gortú inchinne ag gabháil dóibh; Déanann siad abhcóideacht ar son aitheantas na riachtanas seo do chomhlachtaí rialtais agus daoine a oibríonn i gcúram sláinte.

## Grúpa Tacaíochta Stróc na Gaillimhe

**Déan teagmháil le hÉascaitheoirí an Ghrúpa ar Teil: 091 546023 / 546010 (Bainisteoir um Teiripe Urlabhra agus Teanga, FSS an Iarthair, Seirbhísí PCCC, Ionad Sláinte Sheantalamh, 25. Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh) NÓ Teil: 091 700210 (Oibrí Acmhainne – Réigiún an Iarthair/an Iarthuaiscirt, Acquired Brain Injury Ireland, Teach Calbro, Bóthar Thuama, Gaillimh).**

Tá daoine a tháinig slán ó stróc agus baill teaghlaigh/cúramóirí i nGrúpa Tacaíochta Stróc na Gaillimhe. Díríonn siad ar an méid a leanas: deis a thabhairt do Dhaoine a tháinig slán ó Stróc, teaghlaigh agus cúramóirí a bhualadh le chéile go neamhfhoirmiúil agus faisnéis a roinnt faoina dtaithí ar stróc; Tacaíocht a thabhairt dá chéile agus dóibh siúd a raibh tionchar ar stróc ar a saol le déanaí; Faisnéis a chur ar fáil maidir le stróc agus stróc a chosc, lena n-áirítear seisiúin faisnéise ó dhaoine a oibríonn i gcúram sláinte ar an gcaoi le sláinte agus folláine a bhreisiú tar éis stróc; imeachtaí a eagrú ó am go ham.

## Grúpa Tacaíochta Stróc – Ospidéal Portiuncula Bhéal Átha na Sluaighe

**Déan teagmháil le Comhordaitheoir an Ghrúpa ar Teil: 090 9648200 (Folíne 613 & Blíp 839)**
**Altra Speisialta Clinice – Cúram Stróc, Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.**

Déanann Grúpa Tacaíochta Stróc – Ospidéal Portiuncula Bhéal Átha na Sluaighe iarracht cáilíocht beatha daoine a tháinig slán ó stróc chomh maith lena dteaghlaigh agus lena gcúramóirí a chur chun cinn, trína ról a shainaithint agus luach a chur leo, agus trí oideachas, tacaíochtaí mothúchánacha agus praiticiúla a chur ar fáil do chúramóirí. Díríonn siad ar an méid a leanas: rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le saincheisteanna sláinte agus í a scaipeadh ar othair, teaghlaigh agus cúramóirí; Líonra

tacaíochta agus asraon sóisialta a chur ar fáil do dhaoine a bhí thíos le stróc agus a gcúramóirí; Coinneáil cothrom le dáta ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine a raibh stróc acu agus a gcúramóirí; Seisiúin Faisnéise a eagrú.

## ICA – Bantracht na Tuaithe
## Teil: 041 9822119 Lároifig ICA: Teil: 01 6680002

**Ríomhphost: admin@an-grianan.ie** **Gréasán: www.ica.ie**

An cumann ban is mó in Éirinn. Eagraíonn siad imeachtaí pobail ar fud na tíre.

## Ionad Acmhainne Croí na Gaillimhe
## Teil: 091 895203

**Naomh Uinseann de Pól, 1 Sráid an Mhuilinn, Gaillimh.**
**Ríomhphost: lneedhamsvp@eircom.net** **Gréasán: www.croi-na-gaillimhe.org**

Cuireann Croí na Gaillimhe club sóisialta ar fáil d'aosaigh tráthnónta Chéadaoine. Eagraítear gníomhaíochtaí i sainchomhairliúchán leis an ngrúpa. Áirítear le cúrsaí oiliúna eile, ríomhairí, ranganna líníochta, damhsa líneach, scríbhneoireacht chruthaitheach agus foghlaim idirghlúineach.

## Ionad Acmhainne Mhuintir na Gaillimhe
## Teil: 091 564822

**Foirgneamh Hynes, Siúlóid Naomh Cláir, Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh.**
**Ríomhphost: gcu@eircom.net**

Cuireann an t-ionad cabhair, tacaíocht agus faisnéis ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu thar réimse leathan saincheisteanna lena n-áirítear fostaíocht, comhionannas agus oiliúint.

## Ionad Chúram Ailse Thuama
## Teil: 093 28522 Facs: 093 28615

**Cricket Court, Bóthar Dhún Mór, Tuaim, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: tccg@eircom.net**

Cuireann sé tacaíocht mhothúchánach agus cúnamh praiticiúil ar fáil do dhaoine a bhfuil ailse acu agus dá dteaghlaigh agus cairde.

## Ionad Chúram Lae Áth Cinn
## Teil: 086 2330714

**Áth Cinn, Contae na Gaillimhe.**

Cuirtear Cúram Lae ar fáil d'aosaigh cúig lá sa tseachtain agus béilí san áireamh.

## Ionad Chúram Lae Bhaile an Mhuilinn
## Teil: 093 51439

**Emeracly, Baile an Mhuilinn, Contae na Gaillimhe.**

Gníomhaíochtaí caitheamh aimsire d'aosaigh lena n-áirítear cártaí gach Déardaoin, imeachtaí bliantúla agus cóisir Nollag. Cuirtear trí aonad tithíochta deonaí ar fáil d'aosaigh chomh maith.

## Ionad Chúram Lae Dhún Mór
## Teil: 087 9215551

Cuireann siad gníomhaíochtaí, cluichí agus tacaíocht ar fáil do dhaoine scothaosta sa Dún Mór cosúil le haclaíocht 'Go for Life', beiriste, comhlánú foirmeacha agus cabhair le fadhbanna leasa shóisialaigh. Cuirtear béilí ar fáil gach Máirt agus Aoine.

**Bailte do Dhún Mór**
Aonaid aonair agus dhúbailte le ligean ar cíos. Áiseanna níochána ar fáil in aisce.

## Ionad Cúram Lae an Líonáin
## Teil: 095 42216/41064

Tagann Aosaigh an Líonáin le chéile gach seachtain ón 1pm go dtí 3.30pm ina n-ionad lae sa Líonán i gcomhair club lóin agus gníomhaíochtaí. Tá rochtain ag an gclub chomh maith ar leabharlann, seirbhís níocháin agus béilí ar rothaí ina gceantair. Bíonn an grúpa páirteach freisin i ngníomhaíochtaí eile a bhíonn ar siúl sa cheantar.

## Ionad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe
## Líne chabhrach: 1800 355 355 Líne Ghnó: 091 583149

**7 Cé an Chladaigh, Gaillimh.**
**Ríomhphost: administrator@galwayrcc.org Gréasán: www.galwayrcc.org**

Tá Ionad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, chomhbhách agus rúnda chomhairleoireachta agus tacaíochta a chur ar fail dóibh siúd a ndearnadh mí-úsáid ghnéis agus foréigean gnéis orthu sa phobal.

## Ionad Eolais do Shaoránaigh (CIC)
## Teil: 091 563344

**CIC na Gaillimhe, Teach San Agaistín, Sráid San Agaistín, Gaillimh.**
**Ríomhphost: galway@citinfo.ie Gréasán: www.galwaycic.ie**

**Brainsí Áitiúla**

**CIC an Chlocháin Teil: 095 22000**
**Ríomhphost: Clifden@citinfo.ie**
c/o Comhar Creidmheasa an Chaisil/Chonamara, an tUrlár Uachtair, Radharc na Mara, an Clochán.

**CIC Ros Muc (Seirbhís Eolais don Phobal) Teil: 091 574122**
Seirbhís Eolais don Phobal, MFG, Ionad Fiontair, Ros Muc.

**CIC Thuama Teil: 093 26161**

**Ríomhphost: tuam@citinfo.ie**
Ionad Seirbhíse Sóisialta, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim, Contae na Gaillimhe.

Faisnéis in aisce, rúnda agus neamhchlaonta a chur ar fáil ar ábhair cosúil le fostaíocht, leas sóisialach, seirbhísí FSS, cearta tomhaltóra etc. Cuideoidh siad chomh maith le foirmeacha a chomhlánú agus tabharfaidh siad comhairle dlí in aisce agus seirbhís chuntasaíochta.

**Ionad Lae Chamuis**
**Teil: 087 2814481**

Seirbhísí do dhaoine scothaosta lá amháin sa tseachtain. Cuirtear béilí ar fáil mar aon le gníomhaíochtaí lena n-áirítear cártaí, caitheamh aimsire, turais lae agus aclaíocht éadrom.

**Ionad Lae Charna**
**Teil: 095 32854**

**Carna, Contae na Gaillimhe.**

Feidhmíonn Ionad Lae Charna lá amháin sa tseachtain sa Teach Altranais áitiúil. Cuirtear béilí, gníomhaíochtaí agus comhairle sláinte ar fáil.

**Ionad Lae Dhún an Uchta/Chill Íomair**
**Teil: 090 9675380**

**An Chearnóg, Dún an Uchta, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.**

Feidhmíonn an tIonad go laethúil le go leor gníomhaíochtaí agus cuirtear lón ar fáil. Tugtar béilí chuig daoine atá ina gcónaí sa bhaile leo féin nach bhfuil ábalta freastal ar an Ionad Lae.

**Ionad Lae do Ghrúpa Scor Naomh Ainnín**
**Teil: 091 555397**

**Ros Cathail, Contae na Gaillimhe.**

Tagann siad le chéile gach seachtain chun béilí a fháil, mar aon le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus shosanna faoisimh.

**Ionad Lae Ros Muc**
**Teil: 091 574130 / 087 2814481**

**An Turlach, Ros Muc, Co. na Gaillimhe.**

Cuireann siad lón ar fáil dhá lá sa tseachtain, imeachtaí, oícheanta ceoil, cóisirí agus tugtar béilí chomh fada le daoine sa bhaile.

## Ionad na Gaillimhe um Maireachtáil Neamhspleách
## Teil: 091 773910

**Aonad 10, Páirc an Bhaile, Bóthar Thuama, Gaillimh.**
**Ríomhphost: info@gcil.ie** **Gréasán: www.gcil.ie**

Oibríonn siad le daoine le míchumais a chumasú saol neamhspleách bheith acu.

## Ionad Seirbhíse Sóisialta Ghleann na Madadh
## Teil: 094 9659177 (Dé Céadaoin)

**Gleann na Madadh, tríd an gCaisleán Riabhach, Contae na Gaillimhe.**

Cuirtear tacaíochtaí ar fáil do dhaoine aonair agus teaghlaigh i gceantar Ghleann na Madadh. Cuirtear cóiríocht ar fáil do ghrúpaí deonacha/pobail eile – Máithreacha agus Lapadáin agus Daoine ar Scor Gníomhach.

## Ionad Tacaíochta Ailse Bhéal Átha na Sluaighe
## Teil: 090 9645574 /087 9452300

**Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: ballinasloecancer@yahoo.co.uk**

Tugann siad tacaíocht do dhaoine a bhfuil diagnóis ailse faighte acu agus dá dteaghlaigh.

## Ionad Teaghlaigh Dheoise na Gaillimhe
## Teil: 091 565066

**Ionad Teaghlaigh Dheoise na Gaillimhe, Baile Nua Mhic Gabhann, Cathair na Gaillimhe.**
**Gréasán: www.pastoralcentre.ie**

Cuireann an tIonad cláir agus seirbhísí tacaíochta ar fáil lena n-áirítear dhá chlár Rainbows agus Beginning Experience, a dhíríonn ar thacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag fulaingt de bharr báis, scartha nó athrú pianmhar eile.

## Ionaid Acmhainne Teaghlaigh

Is í aidhm chlár na nIonad Acmhainne Teaghlaigh dul i ngleic le míbhuntáiste agus feidhmiú an aonaid teaghlaigh a fheabhsú. Cuireann an clár béim ar na pobail áitiúla bheith páirteach le dul i ngleic leis na fadhbanna atá rompu, agus comhpháirtíochtaí rathúla a chruthú idir gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla ag leibhéal pobail.

**Ionad Acmhainne Teaghlaigh, an Chearnóg, Béal Átha an Ghártha, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 090 66 24484** **Ríomhphost: aonad@eircom.net**

**Ionad Acmhainne Teaghlaigh ARD Deoch Uisce, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 091 567827** (West Training and Development Ltd) **Ríomhphost: paul@ardfrc.com**

**Clann Resource Centre Oughterard Ltd., Uachtar Ard, Contae na Gaillimhe.**

**Teil: 091 557633** **Ríomhphost: clannres@gmail.com**

**Ionad Acmhainne Teaghlaigh an Ghoirt, Sráid an Teampaill, an Gort, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 091 630902** **Ríomhphost: administrator@gortfrc.com**

**Ionad Acmhainne Teaghlaigh Bhaile Locha Riach, Teach na Mílaoise, Westbridge, Baile Locha Riach, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 091 871149** **Ríomhphost: loughreafrc.eircom.net**

**Ionad Acmhainne Solas, an Phríomhshráid, Áth Cinn, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 093 36446** **Ríomhphost: solasfrc@eircom.net**

## Irish Centre for Social Gerontology (ICSG)
## Teil: 091 495461

**Foirgneamh Cairnes, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.**
**Ríomhphost: icsg@nuigalway.ie** **Gréasán: www.icsg.ie**

Is ionad taighde agus múinteoireachta atá in ICSG i ngach gné de dhul in aois in Éirinn, go háirithe gnéithe tuaithe de dhul in aois, eacnamaíocht dul in aois, néaltrú agus teicneolaíocht dul in aois.

## Irish Widowers and Deserted Husbands Association
## Teil: 01 8552334

**Gréasán: www.wheel.ie**

Grúpa tacaíochta d'fhir ag maireachtáil astu féin.

## Kilcoona Parish Community Ltd.
## Teil: 091 793870

Cuireann siad seirbhísí ar fáil d'aosaigh ar bhonn seachtainiúil – sólaistí, gníomhaíochtaí éagsúla lena n-áirítear ceardaíocht, cártaí agus cóisir Nollag.

## Líonra um Dhaoine faoi Mhíchumas Éireann (PwDI)
## Teil: 01 8721744

**4ú Urlár, Teach Jervis, Sráid Jervis, Baile Átha Cliath 1.**
**Ríomhphost: info@pwdi.ie** **Gréasán: www.pwdi.ie**

Is iad Daoine faoi Mhíchumas Éireann an bhrateagraíocht a thugann daoine le chéile go háitiúil agus go náisiúnta le hoibriú ar shaincheisteanna coitianta a mbíonn tionchar acu ar gach duine faoi mhíchumas.

## MABS − Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid
## Teil: 091 569349

**Na Hallaí, Sráid na Céibhe, Gaillimh.**
**Ríomhphost: Galway@mabs.ie** **Gréasán: www.mabs.ie**

Cuireann siad seirbhís saor in aisce, rúnda agus neamhspleách ar fáil do dhaoine atá i bhfiacha nó i mbaol bheith i bhfiacha.

**MABS – Baile Átha Luain, Cearnóg Mhuire, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí.**
**Teil: 090 6476616**
**Ríomhphost: athlone@mabs.ie** **Gréasán: www.mabs.ie**

Clúdaíonn an oifig seo Béal Átha na Sluaighe agus cuid de dhobarcheantar Oirthear na Gaillimhe.

**(MABS) – Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid Thuaisceart na Gaillimhe, Ionad Seirbhíse Sóisialaigh, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 093 24421 / Facs: 093 26050**
**Ríomhphost: tuam@mabs.ie** **Gréasán: www.mabs.ie**

Le coinne amháin in Áth Cinn, Baile Átha an Rí, an Creagán agus Baile Liam.

## Meabhairshláinte an Chreagáin
## Teil: 090 9679247

**An Creagán, Contae na Gaillimhe.**

Tacaíocht d'úsáideoirí na seirbhíse meabhairshláinte i bhfoirm chruinnithe míosúla, imeachtaí, cóisirí agus sosanna faoisimh bliantúla.

## Meabhairshláinte Éireann
## Teil: 01 2841166

**Teach Mensana, 6 Sráid Adelaide, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.**
**Ríomhphost: info@mentalhealthireland.ie** **Gréasán: www.mentalhealthireland.ie**

Is eagraíocht dheonach náisiúnta atá i Meabhairshláinte Éireann a bhfuil sé mar sprioc acu meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu, dá dteaghlaigh agus dá gcúramóirí trína riachtanais a shainaithint agus abhcóideacht a dhéanamh ar son a gcearta. Cuireann sé tacaíocht ar fáil do na Cumainn um Shláinte Mheabhrach ar fud na tíre agus Gaillimh san áireamh.

## Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta (MFG)
## Teil: 091 574353

**MFG, Ionad Fiontair, Ros Muc, Contae na Gaillimhe.**

Is é príomhchuspóir Mheitheal Forbartha na Gaeltachta tabhairt faoi fhorbairt shóisialta trí thiomáint a chur faoi fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach na gceantar Gaeltachta. Cuirtear tacaíocht ar fáil chun caighdeán maireachtála a fheabhsú i bpobail tuaithe trí scéimeanna áirithe a bhíonn ar bun ag Meitheal Forbartha na Gaeltachta lena n-áirítear **an Scéim um Thithe Níos Teo**, ar scéim de chuid Sustainable Energy

Action Ireland í a dhíríonn ar éifeachtacht fuinnimh agus coinníollacha compoird a fheabhsú i dtithe ina bhfuil ioncam íseal. Áirítear leis na hoibreacha seo insliú áiléir, tithe a dhéanamh díonmhar ar shéideáin, seaicéad fálaithe, soilsiú éifeachtach ó thaobh fuinnimh, insliú i gcuasbhallaí agus comhairle fuinnimh.

## Mias na Flúirse – Meals on Wheels
## Teil: 087 2792480

**Troscaigh Thoir, Bearna, Contae na Gaillimhe.**

Tugtar béilí chuig daoine atá ina gcónaí sa bhaile leo féin.

## Naomh Uinseann de Pól – Gaillimh
## Teil: 091 563233

**Teach Ozanam, Sráid San Agaistín, Gaillimh.**
**Ríomhphost: info@svp.ie** **Gréasán: www.svp.ie**

Eagraíocht dheonach thuata a chuireann tacaíocht ar fáil d'aosaigh trí chuairteanna, tacaíocht ábhair agus cóiríocht. Tugann siad bratainní slándála d'aosaigh agus cuireann siad ciseacha Nollag agus tithe pobail ar fáil d'aosaigh chomh maith.

## National Association of Widows in Ireland
## Teil: 01 8728814

**Ríomhphost Náisiúnta Bhaile Átha Cliath: info@nawi.ie** **Gréasán: www.nawi.ie**

**Ballykwagra, Tuaim, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 093-24498 (Brainse Thuama)**

Tá 30 brainse ar fud na tíre agus áirítear le gníomhaíochtaí imeachtaí, teacht le chéile go sóisialta, saoire, seimineáir, cainteanna agus léiriúcháin oideachais.

## National Centre for the Protection of Older People (NCPOP)
## Teil: 01 7166467

**Ionad Eolaíochtaí Sláinte, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath 4.**
**Ríomhphost: ncpop@ucd.ie** **Gréasán: www.ncpop.ie**

Tá an tIonad ag tabhairt faoi chlár taighde i mí-úsáid aosach in Éirinn, arna mhaoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá foireann taighde comhoibríochta ó UCD san Ionad agus feidhmíonn siad mar phríomhacmhainn dóibh siúd ag oibriú le haosaigh nó a bhfuil teagmháil acu leo i réimsí chúram sláinte agus sóisialta, seirbhísí dlí agus seirbhísí airgeadais.

## Oifig na Líne Chabhrach Náisiúnta d'Aosaigh Líne Chabhrach d'Aosaigh
## Teil: 046 955776 Teil: 1850 440 444

**Third Age Centre, Cnoc an Línsigh, Contae na Mí.** **Gréasán: www.seniorhelpline.ie**

Is seirbhís éisteachta rúnda atá sa Líne Chabhrach d'Aosaigh á reáchtáil ag aosaigh ar chostas glao áitiúil as aon áit in Éirinn. Feidhmíonn an Líne Chabhrach ón 10am-4pm agus ón 7pm-10pm gach lá.

## Older and Bolder
## Teil: 01 8303116

**Bosca Poist 10845, Baile Átha Cliath 9.**
**Ríomhphost: info@olderandbolder.ie** **Gréasán: www.olderandbolder.ie**

Is comhghuaillíocht atá in Older and Bolder d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann chun cinn cearta aosach agus a dhéanann iarracht dul i ngleic le haoiseachas.

## Ord Mhálta
## Teil: 087 9044974 (Stiúrthóir Réigiúnach)

**Ríomhphost: 5rd@orderofmalta.ie**

Cuireann siad oiliúint gharchabhrach, iompar otharchairr agus seirbhísí cúraim pobail ar fáil lena n-áirítear ionaid chúram lae agus clubanna lóin.

**Ord Mhálta – Ionad d'Aosaigh, 20 Sráid Helen, Gaillimh.**
**Teil: 091 525879**
**Ríomhphost: info@orderofmalta.ie** **Gréasán: www.orderofmalta.ie**

**Cór Otharchairr Ord Mhálta – Inis Meáin, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe.**
**Teil: 099 73053**

## Parlaimint na Seanóirí in Éirinn
## Teil: 01 8561243

**90 Trá Fhionnradhairc, Baile Átha Cliath 3, Éire.**
**Ríomhphost: seniors@iol.ie** **Gréasán: www.seniors.ie**
Is eagraíocht neamhpháirtíneach pholaitiúil atá sa Pharlaimint a chuireann chun cinn tuairimí daoine scothaosta i bhforbairt beartais agus cinnteoireacht, á reáchtáil ag oibrithe deonacha aosacha a thoghtar go bliantúil.

## Patient Focus
## Teil: 01 8851611

**Patient Focus, Sky Business Centre, Páirc Ghnó Plato, Baile Dama, Baile Átha Cliath 15.**
**Ríomhphost: support@patientfocus.ie** **Gréasán: www.patientfocus.ie**

Tá Patient Focus ar cheann de phríomheagraíochtaí náisiúnta na hÉireann um abhcóideacht othair. Cuireann siad pointe teagmhála agus tacaíochtaí eile ar fáil d'othair a raibh taithí dhiúltach acu leis an gcóras cúram sláinte. Cuidíonn siad le daoine iarracht a dhéanamh deacrachtaí a réiteach a luaithe agus is féidir tar éis a ardaítear iad. Díríonn siad ar chinntiú go gcaomhnaítear agus go mbreisítear cearta othar i ngach láthair chúram sláinte.

## Pobal ar Aire

**(Feic an Oifig Garda Dúiche is gaire do shonraí teagmhála ar scéimeanna Phobal ar Aire i do cheantar) – Teil: 093 70840 (teagmháil i Rannóg Gardaí na Gaillimhe) Muintir na Tíre, Canon Hayes House, Tiobraid Árann. 062 51163**

Is clár sábháilteachta pobail do cheantair thuaithe atá i bPobal ar Aire a bhfuil béim aige ar dhaoine scothaosta agus leochaileacha. Feidhmíonn sé mar chomhpháirtíocht idir an pobal, an Garda Síochána agus Muintir na Tíre. Oibríonn sé ar an bprionsabal freagrachta roinnte do chosc agus laghdú coire. Is féidir léarscáil de cheantair phobal ar aire i gContae na Gaillimhe a fháil ar www.galway.ie

## Post Polio Support Group
## Teil: 091 593664

Tacaíocht ghrúpa do dhaoine a tháinig slán ó pholaimiailítis agus a gcúramóirí trí chúram faoisimh, fisiteiripe agus comhairleoireacht, cúnamh agus fearais, teiripe shaothair agus tacaíocht agus faisnéis phiara a sholáthar.

## Respond!
## Teil: 0818 357901

**Old Convent, Ard na Mara, Órán Mór, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: info@respond.ie** **Gréasán: www.respond.ie**

Cumann tithíochta a dhearann agus a thógann tithe do Dhaoine Scothaosta ar mian leo cónaí go neamhspleách i bpobail atá comhtháite go sóisialta. Spreagtar cónaitheoirí níos sine agus cuirtear ar a gcumas iad rochtain a fháil ar na seirbhísí tacaíochta a theastaíonn le cónaí go neamhspleách.

## Samaritans
## Teil: 091 561222 Líne Chabhrach Náisiúnta 1850 609090

**Brainse na Gaillimhe, 14 Oileán Altanach, Gaillimh.**
**Ríomhphost: jo@samaritans.org** **Gréasán: www.samaritans.org**

Cuireann na Samaritans tacaíocht mhothúchánach, rúnda neamhbhreithiúnach ar fáil, 24 uair sa lá do dhaoine a bhfuil mothúcháin anacra nó éadóchais acu, lena n-áirítear mothúcháin a bhféadfadh féinmharú éirí astu. Tá seirbhísí ar fáil trí theileafón, ríomhphost, litir agus duine ar dhuine i bhformhór brainsí.

## Seanchairde Áth Cinn – Áth Cinn
## Teil: 087 6271962

Díríonn siad ar dhaoine scothaosta trí Chúram Lae agus Béilí ar Rothaí.

## Seirbhís Imirceach na Gaillimhe
## Teil: 091 773466

**3 Oifigí The Plaza, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.**
**Ríomhphost: info@gcp.ie** **Gréasán: www.gcp.ie**

Cuireann siad faisnéis, tacaíocht agus abhcóideacht ar fáil d'oibrithe imirceacha agus dá dteaghlaigh.

## Seirbhísí Meabhairshláinte Thuama
**Teil: 093 24695 Facs: 093 28159**

**Hermitage Court, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim, Contae na Gaillimhe.**
**Teagmháil: Trí do Dhochtúir Teaghlaigh**

Tacaíocht do dhaoine atá ag fulaingt de bharr meabhairghalar lena n-áirítear dúlagar, buairt, andúil alcóil agus Scitsifréine.

## Seirbhísí Sóisialta (Cúram Lae) Phort Omna
**Teil: 090 9741740**

**Ascaill an Chaisleáin, Port Omna, Contae na Gaillimhe.**

Feidhmíonn an t-ionad go laethúil ag cur béilí, ranganna ealaíne/ríomhaireachta, ceol, damhsa, aclaíocht, cóiriú bláthanna, fisiteiripe, cosliacht, imeachtaí agus seirbhís béilí ar rothaí ar fáil do dhaoine a chónaíonn sa bhaile leo féin.

## Seirbhísí Sóisialta an Chreagáin
**Teil: 090 9679504**

**Bóthar Bhéal Átha Ghártha, an Creagán, Contae na Gaillimhe.**

Bíonn teacht le chéile seachtainiúil, sólaistí, aoichainteoirí, cuairteanna baile agus sosanna faoisimh ar fáil d'aosaigh.

## Seirbhísí Sóisialta an Ghoirt agus Dheisceart na Gaillimhe
**Teil: 087 3100610 / 091 631808**

**Sráid na Banríona, an Gort, Contae na Gaillimhe.**

Gníomhaíochtaí agus idirghabháil le haosaigh trí bhéilí, imeachtaí sóisialta, naisc le paróistí eile sa cheantar agus gníomhaíochtaí éagsúla eile a sholáthar.

## Seirbhísí Sóisialta Bhaile Liam
**Teil: 094 9643063**

**An Choill Bheag, Baile Liam, Contae na Gaillimhe.**
Cuireann siad seirbhís níocháin, cóisir Nollag ar fáil agus tacaíonn siad le daoine aonair agus teaghlaigh.

## Seirbhísí Sóisialta Bhéal Átha Ghártha/an Tóchair Ghearr/an Droichid Nua
**Teil: 090 6624034**

**An Chearnóg, Béal Átha Ghártha, Contae na Gaillimhe.**

Cuireann Seirbhísí Sóisialta Bhéal Átha Ghártha dinnéar agus gníomhaíochtaí ar fáil do dhaoine scothaosta san ionad uair sa tseachtain. Cuireann sé seirbhís dhé-mhíosúil chosliachta agus seirbhís níochána ar fáil do dhaoine scothaosta.

## Seirbhísí Sóisialta Bhéal Átha na Sluaighe
## Teil: 090 9643217

**Ionad Seirbhísí Sóisialta, Breacarnach, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: bsloesocsers@eircom.net**

Cuireann siad Ionad Cúram Lae ar fáil do dhaoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas fisiciúil, béilí ar rothaí, cosliacht, seirbhís níocháin, grúpaí spraoi réamhscoile, tionscadail theiripeacha, ranganna Béarla agus cumann sóisialta do náisiúnaigh choigríche.

## Seirbhísí Sóisialta Mhaigh Locha
## Teil: 090 9679610

**Cluain Oráin, Maigh Locha, Contae na Gaillimhe.**

Áirítear le gníomhaíochtaí biongó, ranganna aclaíochta lena n-áirítear aclaíocht 'Go for Life', siamsaíocht, damhsa imeachtaí sóisialta i rith na bliana, dinnéar agus siamsaíocht Nollag bliantúil.

## Seirbhísí Sóisialta Mhionlaigh
## Teil: 090 9684857

**Mionlach, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.**

Gníomhaíochtaí d'aosaigh lena n-áirítear sosanna faoisimh, turais agus cóisir Nollag.

## Seirbhísí Sóisialta na Cealtraí
## Teil: 090 9678144

**An Chealtrach, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.**

Cuireann siad biongó, cainteoirí, sólaistí, imeachtaí bliantúla agus turais ar fáil.

## Shine
## Teil: 091 761746

**Ionad Pháirc an Bhaile, Bóthar Thuama, Gaillimh.**
**Ríomhphost: info@sirl.ie**

Tacaíonn Shine le daoine a bhfuil meabhairghalar orthu agus lena dteaghlaigh agus lena gcairde.

## Siondróm Down Éireann – Brainse na Gaillimhe
## Teil: 087 2257336

Is í an sprioc atá ag Siondróm Down Éireann cáilíocht beatha daoine a bhfuil Siomdróm Down ag gabháil dóibh a fheabhsú go mór, lena chinntiú go bhfuil gach duine forbartha chuig a c(h)umas iomlán agus le cuidiú le daoine a bhfuil Siondróm Down ag gabháil dóibh todhchaí chomh maith agus chomh neamhspleách agus is féidir bheith acu.

## Social Policy and Ageing Research Centre (SPARC)
## Teil: 01 8962914

**Scoil na hOibre Sóisialta agus an Bheartais Shóisialta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an 3ú hUrlár,**
**3 Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2.**
**Ríomhphost: ageing.research@tcd.ie** **Gréasán: www.sparc.tcd.ie**

Tá sé mar aidhm ag SPARC taighde a chur ar fáil ar an tionchar agus impleachtaí um dhul in aois ar bheartas sóisialta. Forbraíonn siad comhairle agus faisnéisiú beartais agus tacaíonn agus cothaíonn siad oiliúint Seaneolaí Shóisialta chuig leibhéal PhD.

## Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Iarthair
## Teil: 091 480044

**Aonad 6, Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe, an Pháirc Mhór, Gaillimh.**
**Ríomhphost: info@wrdtf.ie**

Bunaíodh Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Iarthair chun freagra ar mhí-úsáid substainte atá comhordaithe agus oiriúnach don réigiún a thaighde, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag úsáid cur chuige comhpháirtíochta.

## Tearmann Éanna Teoranta
## Teil: 091 505540 / 087 1261156

**An Tulach, Baile na hAbhann, Contae na Gaillimhe.**
**Ríomhphost: tearmanneanna@eircom.net**

Tá an tIonad Lae oscailte cúig lá sa tseachtain agus cuireann siad gníomhaíochtaí sóisialta, oideachais agus cultúrtha agus iompar tuaithe ar fáil. Cuirtear scéim tithíochta sóisialta 32 teach ar fáil agus tá scéim bhéilí ar rothaí á forbairt faoi láthair. Tá na seirbhísí ar fad ar fáil trí mheán na Gaeilge.

## Third Age Foundation
